Mé féin - méarloirg, súil cheannasach, spota caoch

AIRGEAD

FEARAS	Peann luaidhe, leathanach bán Téip ghreamaitheach, marcóirí Lionsa láimhe
ULLMHÚCHÁN	Bailigh an fearas
CÚLRA	Tá méarlorg difriúil ag gach duine. Cabhraíonn an eolaíocht seo go mór leis na gardaí. Tá súil cheannasach ag cách – is féidir leis a bheith ar an taobh clé nó ar an taobh deas. (Gan súil cheannasach d'fhéadfadh an inchinn a bheith measctha nó d'fhéadfaí dhá íomhá a fheiscint). Tá spota caoch ag gach súil – an áit a bhfuil an néaróg radhairc ceangailte leis an reitine. De ghnáth ní tugtar é seo faoi deara mar ní tharlaíonn sé sa dá shúil ag an am céanna.
SCILEANNA	Ag imscrúdú agus ag tástáil
GNÍOMHAÍOCHT	Roinnt fíoras fúinn féin a iniúchadh: • Méarlorg a thógaint • An tsúil cheannasach a aimsiú • An spota caoch a iniúchadh
SÁBHÁILTEACHT	**Nigh na lámha tar éis duit an méarlorg a thógaint**

Mé féin ar lean

A Do mhéarlorg féin a thógaint

Le peann luaidhe déan scrábáil láidir ar leathanach bán.

Cuimil do mhéar ar an scrábáil, chun é a dhéanamh an-smeartha.

Nuair atá do mhéar dubh brú go daingean í ar an taobh greamaitheach de théip ghreamaitheach. Brú go dian ionas go n-aistreofar an méarlorg go dtí an téip.

Anois greamaigh an téip do phíosa páipéir bháin agus ba chóir go mbeadh an méarlorg le feiscint.

Breathnaigh ar an méarlorg le lionsa láimhe.

An bhfuil lúba (L), le feiscint? An bhfuil scáin (S) iontu? An bhfuil iomairí (R) nó cuspaí (C) le feiceáil?

Cuir marc ar na gnéithe seo ar do mhéarlorg féin.

Tóg méarlorg ó do chara agus déan an rud céanna.

An féidir leat na difríochtaí a fheiceáil?

An féidir leat a rá gur méarlorg duine eile atá agat?

An mbíonn na línte sa mhéarlorg riamh ag dul trasna ar a chéile



Cuspaí



Iomairí

Lúba

Scáin

Mé féin, ar lean

B An tsúil cheannasach a aimsiú.

Roghnaigh rud ingearach nó líne amach uait m.sh. cuaille lampa (lasmuigh) nó imeall dorais nó fuinneoige (laistigh). Cuir do mhéar nó peann luaidhe go hingearach os do chomhair agus bíodh sé in aon líne leis an rud ingearach a roghnaigh tú. Bíodh do dhá shúil ar oscailt agat. Anois, ceann ag an am, dún do shúile (an ceann clé i dtosach agus ansin an ceann deas)

Cé acu, dár leat, an tsúil cheannasach?

(Is í an tsúil cheannasach an tsúil a fheiceann an mhéar nó an peann luaidhe san áit chéanna is a bhí siad nuair a bhí an dá shúil ar oscailt).

C An spota caoch a aimsiú

1. Cuir an léaráid thíos fad do láimhe uait agus an chros ar thaobh na láimhe deise.
2. Dún an tsúil dheas.
3. Ag breathnú díreach ar an gcros tarraing an leathanach go mall i dtreo d'aghaidh.

Cad a tharlaíonn?
(Ag pointe áirithe imeoidh an spota as radharc mar ag an bpointe sin tá an solas ón spota ag titim ar an spota caoch i do shúil chlé).